An Bhratach Náisiúnta
The National Flag

Clár

Stair na Brataí	3
Treoirlínte i leith an Bhratach Náisiúnta a úsáid	6
Dearadh	7
Taispeáint, ionad agus tosaíocht	8
Ardú agus ísliú na Brataí	11
Cúirtéis don Bhratach	11
Bratach chaite	12
Ómós don Bhratach Náisiúnta	12
Rudaí nach ceart a dhéanamh	14
Ócáidí ar a mbíonn an Bhratach Náisiúnta ar foluain	15
Féadfar tuilleadh comhairle a Fháil	17

Stair na Brataí

Ceapadh Bratach Trí Dhath na hÉireann mar chomhartha ar an tslí go gcuimsítear pobail de thraidisiúin éagsúla ar an oileán seo agus ar an dóchas go n-aontófar le chéile iad. Cuirtear an aontacht agus an dóchas sin in iúl sa Bhunreacht anois sa teideal atá ag gach duine a shaolaítear in Éirinn chun bheith mar chuid de náisiún na hÉireann (is cuma bunadh eitneach, creideamh nó claonadh polaitíochta an duine sin).

Figiúr A

Comhartha ní ba shine ar an náisiún ab ea an bhratach uaine, agus cláirseach uirthi, agus bhí baint ag an mbratach sin le hÉirinn Chomhdháil Chill Chainnigh agus le hEoghan Rua Ó Néill sna 1640í; bhí glacadh forleathan ag Óglaigh Éireann agus, go háirithe, ag na hÉireannaigh Aontaithe, leis an mbratach sin ina dhiaidh sin (Figiúr A). Sa bhliain 1795 bunaíodh eagraíocht freasúra, an tOrd Oráisteach, i gcuimhne ar an Rí Liam Oráisteach agus ar 'réabhlóid ghlórmhar' 1689, eagraíocht a bhí níos láidre sa Tuaisceart agus a bhí Protastúnach go huile is go hiomlán. I ndiaidh Éirí Amach 1798 inar throid an flannbhuí (Oráisteach) in aghaidh an

uaine, is é an t-idéal a bhí ag glúin Náisiúnaíoch i lár an 19ú céad ná síocháin a dhéanamh idir flannbhuí agus uaine agus, dá mb'fhéidir é, Éire féinrialaithe a bhunú ar an aontacht agus an tsíocháin eatarthu.

Bhí bratacha trí dhath Éireannacha i dtrácht sna blianta 1830 agus 1844, ach ní raibh aitheantas forleathan ag an mbratach trí dhath go dtí 1848. Ó Mhárta na bliana sin bhíodh bratacha trí dhath Éireannacha le feiceáil taobh le taobh le bratacha trí dhath Francacha ag cruinnithe ar fud na tíre ag ceiliúradh an éirí amach a bhí tar éis a bheith sa Fhrainc. San Aibreán thug Tomás Proinsias Ó Meachair, duine de thaoisigh na nÉireannach Óg, bratach trí dhath – flannbhuí, bán agus uaine – ó Pháras agus d'ardaigh í ag cruinniú i mBaile Átha Cliath. Dúirt Seán Mistéal ina taobh: 'Tá súil agam go bhfeicfidh mé an bhratach sin ar foluain lá éigin mar bhrat náisiúnta againne'.

Cé nár ligeadh an bhratach trí dhath i ndearmad mar chomhartha na comhaontachta a raibh súil léi agus mar mheirge a raibh baint aici leis na hÉireannaigh Óga agus le héirí amach, is beag a úsáideadh í idir 1848 agus 1916. Fiú amháin suas go dtí díreach roimh an Éirí Amach sa bhliain 1916, is ag an mbratach uaine a bhí tús áite.

Ní raibh aon riail chinnte maidir le dathanna ná comheagar ag gabháil leis na seanbhratacha trí dhath sin. Uaine, bán agus flannbhuí a bhí ar na bratacha go léir sa bhliain 1848, ach uaireanta, is é an flannbhuí ba ghaire don chleith, agus bhí

bratach amháin ar a laghad acu arbh é flannbhuí, uaine agus bán ord na ndathanna uirthi. Sa bhliain 1850 moladh bratach a mbeadh dath uaine uirthi do na Caitlicigh, dath flannbhuí do Phrotastúnaigh na hEaglaise Stát-Bhunaithe agus dath gorm do na Preispitéirigh. Tá tuairisc ar bhratach trí dhath – buí, bán agus uaine i gcomheagar cothrománach – a bheith á húsáid sa bhliain 1883 ag cuid de lucht leanúna Pharnell. Anuas go dtí na blianta seo féin, bhíodh bratacha ann a mbíodh buí iontu in ionad flannbhuí, ach, nuair nach gcloítear leis na dathanna cearta, ní ghabhann an ciallachadh bunaidh leis an mbratach.

De bharr baint a bheith aici le gluaiseacht an scarúnais san am a caitheadh, í a bheith ar foluain i rith Éirí Amach 1916, agus toisc gur thug muintir na hÉireann fré chéile toil agus tait-neamh di mar mheirge nuaghluaiseacht saoirse na hÉireann, ba ghearr gur gaireadh suaitheantas an náisiúin den bhratach trí dhath ar fud na hÉireann uile. Leanadh de bheith á húsáid go hoifigiúil i gcaitheamh na tréimhse 1922-1937; agus sa bhliain dheireanach sin daingníodh go foirmiúil le Bunreacht 1937 gurb í suaitheantas an náisiúin í. Deir Airteagal 7 den Bhunreacht: ‘An bhratach trí dhath .i. uaine, bán, agus flannbhuí, an suaitheantas náisiúnta’.

Treoirlínte i leith an Bhratach Náisiúnta a úsáid

Ceapadh na treoirlínte seo a leanas mar chabhair do dhaoine le linn dóibh an t-ómós cuí a thabhairt don Bhratach Náisiúnta. Braitheann sé ar gach duine ar leith an gcloífidh sé nó sí leis na treoirlínte atá ar fáil sa leabhrán seo, ós rud é nach bhfuil aon cheanglais reachtúla ann. Beifear ag súil, áfach, go ndéanfaidh na daoine a mbeidh an Bhratach Náisiúnta in úsáid acu ómós iomchuí a thaispeáint di i gcónaí.

Is ar Roinn an Taoisigh atá an fhreagracht i gcoitinne i ndáil leis an mBratach Náisiúnta. Baineann an fhreagracht sin sa chéad áit leis an bprótacal a ghabhann leis an mBratach a chrochadh. Feidhm chomhairleach, dá bhrí sin, is ea feidhm na Roinne.

Dearadh

1 Cruth dronuilleogach atá ar an mBratach Náisiúnta is a dhá oiread de leithead inti is a bhíonn de dhoimhneacht. Tá na trí dathanna – uaine, bán agus flannbhuí – ar cóimhéid agus ar ingear. Is minic ag searmanais shibhialta a fheictear leaganacha éagsúla den dath buí, in ionad flannbhuí. Ba cheart diúltú go láidir don mhíléiriú seo ar an Suaitheantas Náisiúnta. De ghnáth is ceart an Bhratach a bheith le cleith, an uaine le hais na cleithe, an bán i lár baill agus an flannbhuí ar an taobh is faide ón gcleith.

Coibhneas = 2:1

Gach dath = $^{1}/_{3}$ de leithead

Dathanna:
Uaine = PMS 347
Bán
Flannbhuí = PMS 151

Sonraí teicniúla:
Dathanna Pantone: Uaine 347, Flannbhuí 151.

2 Má chloítear leis na coibhnis chearta is cead pé méid is caoithiúil a bheith sa Bhratach.

Taispeáint, ionad agus tosaíocht

3 Ní ceart aon bhratach ná bratainn a chrochadh níos airde ná an Bhratach Náisiúnta.

FIGIÚR B

4 Nuair a bhíonn an Bhratach Náisiúnta ar iompar le bratach nó bratacha eile, is ceart í a iompar in áit na honóra, is é sin, ar thaobh dheas an lucht máirseála – nó ar an taobh clé de dhuine a mbeadh na bratacha ag déanamh air (Figiúr B). Más bratach an Aontais Eorpaigh ceann de na bratacha seo, is ceart bratach an Aontais Eorpaigh a iompar go díreach ar an taobh clé den Bhratach Náisiúnta, nó i gcás duine a mbeadh na bratacha ag déanamh air nó uirthi, ar an taobh deas go díreach den Bhratach Náisiúnta.

FIGIÚR C

5 Má thaispeántar an Bhratach Náisiúnta ó chleatha trasna a chéile, is ar an taobh deas agus ar tosach is ceart an Bhratach Náisiúnta a bheith, is é sin, ar an taobh clé de dhuine a mbeadh a aghaidh ar an mbratach. Is ceart a cleith a bheith chun tosaigh ar an mbratach nó ar na bratacha eile (Figiúr C).

6(a) Bratacha de chuid an Aontais Eorpaigh

Nuair a chrochtar scata de bhratacha an Aontais Eorpaigh, beidh a n-ord de réir na haibítre, bunaithe ar an gcéad litir dainm na tíre. Is ceart na bratacha a chrochadh ón taobh clé go dtí an taobh deas agus bratach an Aontais Eorpaigh a chrochadh ón gcéad chleith roimh an scata bratach (Figiúr D). Rogha eile maidir le hord na mbratach is ea an bhratach Náisiúnta a bheith ar an taobh clé agus bratach an Aontais Eorpaigh a chur ar an taobh deas san áit is faide amach den scata bratach, mar ba léir do bhreathnóir (Figiúr E).

Figiúr D

Figiúr E

6(b) Bratacha Idirnáisiúnta

Má bhíonn ré-uimhir nó corr-uimhir bratach ar foluain ar aon líne ó chleatha comhairde, is í an Bhratach Náisiúnta is ceart a bheith ar cheann na líne ar dheis (is é sin, ar an taobh clé de dhuine a mbeadh a aghaidh nó a haghaidh ar na bratacha. Más bratach an Aontais Eorpaigh ceann de na bratacha seo, is ceart bratach an

Aontais Eorpaigh a chrochadh go díreach ar an taobh clé den Bhratach Náisiúnta, nó i gcás duine a bheadh ag féachaint ar na bratacha, ar an taobh deas go díreach den Bhratach Náisiúnta. Ach má bhíonn corr-uimhir bratach ar foluain ó chleatha a bhíonn socraithe ar chuma go mbíonn cleith amháin i lár baill agus í níos airde ná na cleatha eile, is í an Bhratach Náisiúnta is ceart a bheith ar foluain ón gcleith láir sin. Más bratach an Aontais Eorpaigh ceann de na bratacha seo, is ceart bratach an Aontais Eorpaigh a bheith ar foluain ón gcéad chleith brataí ar dheis, nó i gcás duine a bheadh ag féachaint ar na bratacha, ar an gcéad chleith brataí ar clé.

7 Ní ceart níos mó ná aon Bhratach Náisiúnta amháin a bheith ar taispeáint san aon-ghrúpa bratach nó san aon-ionad. I ngach cás, is in áit na honóra is ceart an Bhratach Náisiúnta a bheith.

8 Nuair a bhíonn an Bhratach Náisiúnta ar taispeáint go cothrománach nó go hingearach in aghaidh balla nó cúlra eile is ceart an uaine a bheith ar dheis (ar thaobh clé dhuine a bheadh ag féachaint ar an mBratach) nuair a bhíonn an Bhratach ar cothromán, nó in uachtar nuair a bhíonn sí ar ingear.

9 Nuair a bhíonn an Bhratach ar ardán is ar chúl agus os cionn seastán an chainteora is ceart í a bheith.

10 Ní ceart an Bhratach, agus í ar iompar, a chromadh i modh cúirtéise nó ómóis ach amháin don mharbh le linn searmanas cuimhneacháin.

Ardú agus Ísliú na Brataí

FIGIÚR F

11 Le linn í a ardú nó a ísliú, ní ceart ligean don Bhratach Náisiúnta baint le talamh. Nuair a bhítear á hardú go leath crainn, is ceart an Bhratach a ardú go barr cleithe ar dtús, agus ansin í a ísliú go leath crainn. Is ceart í a chur go barr cleithe arís sula n-íslítear ar deireadh í (Figiúr F).

Cúirtéis don Bhratach

12 Ar ócáidí searmanais nuair a bhítear ag ardú nó ag ísliú na Brataí Náisiúnta, nó nuair a bhíonn sí ag gabháil thar bráid le linn paráide, ba cheart do gach a mbíonn i láthair aghaidh a thabhairt ar an mBratach, seasamh ar aire agus cúirtéis a thabhairt. Daoine faoi éide ar gnáth leo cúirtéis a thabhairt leis an lámh, ba cheart dóibh an chúirtéis láimhe a thabhairt. Ba cheart do dhaoine in éadaí sibhialtaigh cúirtéis a thabhairt trí sheasamh ar aire. Bheirtear an chúirtéis don Bhratach ag dul thar bráid i bparáid, nuair a bhíonn an Bhratach sé choiscéim ó láthair, agus leantar den chúirtéis go dtí go mbíonn an Bhratach imithe thar bráid. Nuair a



FIGIÚR F

Nóta: tá bratach ar leath crainn nuair a bhíonn sí ag aon ionad níos ísle ná barr na cleithe, ach níl sí ar leath crainn má bhíonn sí níos ísle ná lár na cleithe. Mar threoir ghinearálta, meastar an bhratach a bheith ar leath crainn má bhíonn an spás idir barr na brataí agus barr na cleithe ar cóimhéid le doimhneacht na brataí.

bhíonn níos mó ná aon Bhratach Náisiúnta amháin ar iompar, ní ceart cúirtéis a thabhairt ach don Bhratach tosaigh.

Nuair a sheinntear an tAmhrán Náisiúnta i láthair na Brataí, is ceart do gach a mbíonn i láthair aghaidh a thabhairt ar an mBratach Náisiúnta, seasamh ar aire agus cúirtéis a thabhairt di, agus leanúint den chúirtéis nó go mbeidh an nóta deiridh ceoil seinnte.

Bratach Chaite

13 Nuair a bhíonn an Bhratach Náisiúnta chomh caite sceite sin nach bhfuil sí oiriúnach lena taispeáint, ní ceart í a úsáid ar aon slí a shamhlódh mí-ómós a bheith á thabhairt di.

Ómós don Bhratach Náisiúnta

14 Aon uair a úsáidtear an Bhratach Náisiúnta mar mhaisiú ba cheart i gcónaí caitheamh léi leis an urraim chuí. Féadfar í a úsáid mar chnaipe discréideach ar lipéad nó mar rós-chnota nó mar chuid de ghréasán ar bhord. Nuair a úsáidtear sa chomhthéacs deiridh sin í le bratacha de chuid náisiún eile, is ceart an Bhratach Náisiúnta a thaispeáint freisin in áit na honóra ar chleith brataí in aice láimhe. Má chuirtear breis is Bratach

Náisiúnta amháin ar foluain ar ócáid féile, is ceart na toisí céanna a bheith acu go léir. Ceadaítear bratachar ar na Dathanna Náisiúnta a úsáid freisin ar ócáid féile.

15 Ní ceart an Bhratach Náisiúnta a bheith ar taispeáint, amuigh faoin spéir, ach amháin idir éirí gréine agus luí gréine, seachas nuair a bheadh cruinniú poiblí, mórshiúl nó sochraid ann; ar ócáidí den sórt sin is féidir leanúint de bheith á taispeáint fad a bhíonn siad sin ar bun (Figiúr G).

Nóta: Chun críocha míleata, measfar gurb é éirí gréine agus dul faoi na gréine:

Éirí gréine:	
Márta go Deireadh Fómhair	08:00 Uaire
Samhain go Feabhra	08.30 Uaire
Dul faoi na gréine:	
Eanáir agus Nollaig	15.30 Uaire
Feabhra agus Samhain	16.30 Uaire
Márta agus Deireadh Fómhair	17.30 Uaire
Aibreán	18.00 Uaire
Bealtaine agus Meán Fómhair	19.00 Uaire
Meitheamh go Lúnasa	20.00 Uaire

Figiúr G

Rudaí nach ceart a dhéanamh

16 Nuair a bhíonn an Bhratach Náisiúnta ar taispeáint ar ardán, ní ceart í a scaradh ar sheastán an chainteora ná ní ceart í a leathadh thar an ardán.

17 Ní ceart riamh an Bhratach Náisiúnta a aghlot trí shluagháin, lógónna, litreacha ná pictiúir d'aon chineál a chur uirthi, mar shampla ag imeachtaí spóirt.

FIGIÚR H

Head of coffin

18 Ní ceart an Bhratach Náisiúnta a leathadh ar charranna, ar thraenacha, ar bháid ná ar chóracha iompair eile; ní ceart í a iompar ar cothrom, ach is ceart i gcónaí í a iompar ar ard, ar síobadh scaoilte, ach amháin nuair a bhíonn sí timpeall ar chónra; nuair a bhíonn sí ar chónra is í an uaine is ceart a bheith ag ceann na cónra (Figiúr H).

19 Is ceart cúram a dhéanamh i gcónaí chun a chinntiú nach mbainfidh an Bhratach Náisiúnta le talamh, nach sraoillfidh sí san uisce ná nach rachaidh sí i bhfostú i gcrainn ná in aon bhacainní eile.

Ócáidí ar a mbíonn an Bhratach Náisiúnta ar foluain

20 Is gnás é an Bhratach Náisiúnta a bheith ar foluain gach lá ag gach post míleata agus ar fhoirgnimh thábhachtacha áirithe leis an Stát (Figiúr I).

Bíonn an Bhratach Náisiúnta ar foluain leis ar Lá Fhéile Pádraig (an Fhéile Náisiúnta), Domhnach Cásca agus Luan Cásca (i gcuimhne ar Éirí Amach 1916), agus ar an Lá Náisiúnta Cuimhneacháin ar an Domhnach is gaire don 11 Iúil (dáta an tSosa Cogaidh Angla-Éireannaigh sa bhliain 1921).

Ar na hócáidí sin bíonn an Bhratach Náisiúnta ar foluain ar gach foirgneamh Stáit sa tír a bhfuil cleith bhrataí air, agus is iomaí gnáthdhuine agus gnólacht a mbíonn sí ar foluain acu freisin.

FIGURE I

21 Bíonn an Bhratach Náisiúnta ar foluain le linn d'imeachtaí tábhachtacha náisiúnta agus áitiúla eile a bheith ar siúl, amhail féilte agus ócáidí ceiliúrtha.

22 Ar ócáid bháis phearsa náisiúnta nó phearsa idirnáisiúnta is minic a chrochtar an Bhratach Náisiúnta ar leath crainn ar na foirgnimh shuntasacha rialtais go léir ar a bhfuil cleith bhrataí. Féadfar an Bhratach Náisiúnta a chrochadh ar leath crainn go háitiúil mar chomhartha ómóis do phearsa shuntasach áitiúil atá tar éis bháis.

23. Má bhíonn an Bhratach Náisiúnta ar foluain ar leath crainn ní ceart aon bhratach eile a bheith ar foluain ar leath crainn.

Féadfar tuilleadh comhairle a fháil ó

An Rannóg Prótacail
Roinn an Taoisigh
Na Tithe Rialtais
Sráid Mhuirfean Uacht
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 6194000
Ríomhphost: protocol@taoiseach.irlgov.ie
Facs: (01) 6789791

Tá an leabhrán seo ar fáil ar ghréasán an Rialtais.